

An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13725/26

DRS 39
ECOFIN 1227
EF 253

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	25 Meán Fómhair 2026
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D(2026) 117980
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 28

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 117980.

D(2026) 117980



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, **XXX**
[...]
[...] (2026) **XXX** draft

D117980/01

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le
Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 28**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an XXX

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 28

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm¹, agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Trí bhíthin Rialachán (AE) 2023/1803 ón gCoimisiún², ghlac an Coimisiún caighdeáin chuntasaíochta áirithe agus léirmhínthe áirithe a bhí ann an 8 Meán Fómhair 2022.
- (2) An 26 Meitheamh 2026, d’eisigh an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta leasuithe ar Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 28 ‘*Infheistíochtaí i gComhlaigh agus i gComhfhiontair*’ (‘IAS 28’), lena soiléirítear raon feidhme na rogha luacha chóir chun infheistíochtaí i gcomhlaigh agus i gcomhfhiontair a thomhas. Is é is aidhm do na leasuithe an éagsúlacht a laghdú sa chleachtas, rud a eascraíonn as léirmhínthe éagsúla ar raon feidhme na rogha luacha chóir faoi IAS 28 agus as an idirghníomhaíocht leis na ceanglais i gCaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 18 ‘*Cur i láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*’ (‘IFRS 18’) i ndáil le haicmiú ioncaim agus costas sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1803, arna leasú le Rialachán (AE) 2026/338³.
- (3) Mar chuid de chur chun feidhme IFRS 18, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/1803, arna leasú le Rialachán (AE) 2026/338, tugtar deis aistrithe do chuideachtaí chun breithniú a dhéanamh ar cheart an rogha luacha chóir a roghnú faoi IAS 28. Dá bhrí sin, ba cheart dóibh na leasuithe ar IAS 28 a chur i bhfeidhm ó dháta tosaigh na chéad bhliana airgeadais ina gcuireann siad IFRS 18 i bhfeidhm.
- (4) Tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíonann na leasuithe ar IAS 28 na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(2) de

¹ IO L 243, 11.9.2002, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1606/oj>.

² Rialachán (AE) 2023/1803 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2023 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 237, 26.9.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1803/oj>).

³ Rialachán (AE) 2026/338 ón gCoimisiún an 13 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 18 (IO L, 2026/338, 16.2.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2026/338/oj>).

Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a bheith á nglacadh ag an gCoimisiún.

- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/1803 a leasú dá réir sin.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Rialála Cuntasaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1803, leasaítear an Roinn a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta ('IAS') 28 *'Infheistíochtaí i gComhlaigh agus i gComhfhiontair'* mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Cuirfidh gach cuideachta na leasuithe dá dtagraítear in Airteagal 1 i bhfeidhm ó dháta tosaithe a céad bhliana airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027, nó dá éis, ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN